# Suíomh, Gluaiseacht, Treo (Cuid 1)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – suíomh, gluaiseacht agus treo<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ceathrú casaidh, leathchasadh, casadh iomlán, casadh trí cheathrú, ar dheis, ar chlé, deiseal, tuathal |
| **Áiseanna** | lipéid le treoracha/castaí orthu, trealamh do chúrsa bacainní taobh istigh |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Tugann an múinteoir na daltaí chuig áit ina bhfuil go leor spáis (halla nó clós na scoile) agus tá orthu seasamh ag amharc chun tosaigh. Déan cinnte de go bhfuil an difear idir ar dheis agus ar chlé ar eolas ag na daltaí, m.sh. sleaschéim a dhéanamh le chéile ar dheis agus ansin ar chlé. Scáthánaigh na gluaiseachtaí sa dóigh go mbeidh na daltaí ábalta ar dheis agus ar chlé a shainaithint. Pléigh na téarmaí deiseal agus tuathal.

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuir ceithre mharcóir thart ar an halla leis an treoir atá le leanúint a chur in iúl do na daltaí. Is féidir iad seo a lipéadú le hairde an chompáis, amanna an chloig nó téarmaí ábhartha eile. Déanann daltaí casadh iomlán ar dheis nó ar chlé. Ansin, fiosraíonn siad castaí eile cosúil le leathchasadh nó ceathrú casaidh. Cuir ceist ar na daltaí cad é atá os a gcomhair, cad é is féidir agus nach féidir leo a fheiceáil. Is deis é seo do na daltaí iad féin a chur in iúl, teanga na matamaitice in úsáid acu. Anois iarr orthu, i mbeirteanna, castaí a dhéanamh i dtreonna éagsúla agus cur síos a dhéanamh orthu ag úsáid teanga na matamaitice.

### 2 Gníomhaíocht 2

Leagann an múinteoir cúrsa bacainní simplí amach leis an trealamh atá ar fáil, agus insíonn sé do na daltaí an dóigh leis an chúrsa a threorú agus teanga chuí mhatamaitice in úsáid aige. I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcursaí bacainní féin, tugann dalta amháin treoir don dalta eile a bhfuil dallóg air /uirthi leis an chúrsa a chríochnú. Déanann siad malartú lena chéile agus pléann siad na scileanna atá de dhíth maidir leis na róil dhifriúla. Forbraítear cruinneas na dtreoracha dá bharr.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é a bhfuil tú ag amharc ina threo anois?<br>• Cá fhad a chas tú?<br>• Cén treo a chas tú? | • Má thosaím ag x, cad é mar a bhainfidh mé y amach?<br>• Cén teanga atá de dhíth ort treonna a thabhairt?<br>• Déan cur síos ar an dóigh ar bhog tú ó x go y.<br>• Cad é a tharlódh dá n-athrófá airde an chompáis go hamanna an chloig? |

## Difreáil

Socraigh teanga agus líon na dtreoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, déan nasc idir compás agus clog srl. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.